# Glór

Samhain 2024



Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall

074 9560620 / 087 2491101



*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*


## Laoch mór polaitíochta agus Gaeilge le cois iar-bhaill do choiste MPTIT Séamus Mac Ruairí ar shlí na fírinne

Ba mhaith linne Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt ár gcomhbhrón ó chroí a chur in iúl do chlann Mhic Ruairí ar bhás Shéamais le linn mí na Samhna. Bhí sé mar bhall gníomhach don choiste seo ó cuireadh ar bun é in 2014. Ba fear Séamus a chaith a shaol ag obair ar shon leas an phobail seo. Go mbeidh suaimhneas síoraí aige anois, tá sin tuillte go maith aige!







# Ionadaíocht láidir ón taobh seo tíre ag Searmananas Ghradaim Ghnó na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh

Comhghairdeas leis na gnólachtaí uilig a bronnadh gradaim orthu ag searmanas Ghradaim Ghnó na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh ar na mallaibh. Ba mhaith linn tréaslú leis na gnólachtaí uilig ón taobh seo tíre go háirithe. Bhí 17 gnó cláraithe as an LPT i mbliana agus d'éirigh leo uilig gradaim a bhaint amach.




# Gradaim réigiúnach agus náisiúnta bainte ag Coiste Forbartha Chnoc Fola ag 'Gradaim na Gaeltachta'




Ba mhaith linn san oifig pleanála teanga comhghairdeas ó chroí a ghabháil le Coiste Forbartha Chnoc Fola as ucht gradaim an tuaiscirt a bhaint, chomh maith le gradaim mór-bhuaiteoirí náisiúnta na gcoistí deonacha ag searmanais 'Gradaim na Gaeltachta' i nGaillimh le gairid. Aitheantas mhór tuillte ag Treasa Ní Ghallachóir agus an fhoireann uilig.

# Gradaim Boinn Óir bainte ag CLG Ghaoth Dobhair ag Searmanais Aitheantais Scéim Fonndúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil le CLG Ghaoth Dobhair as gradaim an bhoinn óir a bhaint amach ag Scéim Fondúireachta Sheosaimh Mhic Dhonnacha i bPáirc an Chrócaigh le gairid. B'iad Oifigeach Gaeilge agus Cultúir Dónall Ó Cnáimhsí agus a hiníon Eimear chomh maith le Daithí Mac Roibeáird a ghlac an gradaim ar son an chlub. Tá muintir Ghaoth Dobhair a bhí i láthair ar an oíche le feiceáil sa phictiúr anseo.



# Oíche mhaith ag ceiliúradh na gConallach in Áislann Rann na Feirste



Bhí oíche mhór in Aislann Rann na Feirste ar na mallaibh agus ceiliúradh déanta ar iomaitheoirí an Oireachtais 2024 lena dteaghlaigh agus lena gcairde. Comhghairdeas leis an choiste as an oíche a eagrú! Bhí lúchair mhór orainn a bheith ábalta tacaíocht a chur ar fáil chomh maith.

# Máire Úna Ní Fhátharta a bhí ag obair mar Oifigeach Pleanála Teanga i gCois Fharraige ar shlí na fírinne

Ba mhaith linn ár gcomhbhrón ó chroí a chur in iúl do chlann, cairde agus comhghleacaithe uilig Máire Úna Ní Fhátharta a fuair bás go tragóideach le linn mí na Samhna. Bhí Máire ag obair mar Oifigeach Pleanála Teanga i gCois Fharraige le cúpla mí anuas. Is cinnte go raibh sí tiománta lena dteanga dúchais a bhuanú agus a neartú ina gceantar dhúchais agus í i mbun a cuid oibre. Go mbeidh suaimhneas síoraí ar a hanam dhílis.





# Seolaíodh bus nua 'Dóchas' le cuidiú le hothair ailse taisteal ar fud na tíre chun a gcóir leighis a fháil



Ba mhaith linn san oifig pleanála teanga comhghairdeas ó chroí a ghabháil le Coiste Ailse Dhún na nGall a sheol a seirbhís bhus nua le cuidiú le hothair ailse taisteal chuig áiteacha difriúil sa tír chun a gcóir leighis a fháil.

B'í an ceoltóir clúiteach Moya Brennan as Dobhar a sheol an bus nua agus bhí bród mhór uirthi a léithead a dhéanamh.


OÍCHE SHÓISIALTA D'FHOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE
TRATH NA GCEIST
14/12/24
@ 8.00 i.n.
TEACH TÁBHAIRNE SHARKEY ANAGAIRE
Sólaistí ar fáil
Fáilte roimh chách
PLEANÁIL TEANGA NA ROSANN
An Clochán Liath
Baile Seirbhíse Gaeltachta
meitheal pleanála teanga an iarthuaisceirt


Seoladh Leabhair
Faoi Scáth Chnoc Fola
Imleabhar 2
Le Bríd Mhic Pháidín
Ionad Pobail Chnoc Fola
8:00 i.n.
14/12/2024
Fáilte roimh chách!


Comharchumann Forbartha
Ghaoth Dobhair
Daidí na Nollag
Sa Chrannóg
Dé Domhnaigh 15.12.2024
ón 12.00. Áirithint riachtanach.
Le Daidí na Nollag, Ceol beo, péinteáil aghaidhe, ealaín, bothán grianghraf agus litir chuig Santa chomh maith le sólaistí!
Cuir scairt ar cfgdemma@gmail.com
0861289430 le clárú